# Tuarascáil Bhliantúil 2023



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

# Clár na nÁbhar

Comh-Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach ........ 2
Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ........ 2
Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar ........ 3
Soláthar Seirbhíse Earcaíochta 2023 ........ 3
Príomhtháscairí Feidhmíochta ........ 4
Fógraí, Agallaimh agus líon Ceapachán 2022 vs 2023 ........ 5
Taithí an Chliaint agus an Iarrthóra ........ 6
Forbairt, Soláthar agus Monatóireacht Straitéise ........ 7
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ........ 8
Barr Feabhais a Chur Chun Cinn ........ 9
Athbhreithniú ar an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil ........ 9
Creat Inniúlachta ........ 9
Dea-Chleachtas a Roinnt ........ 10
Gréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí ........ 10
Pleanáil don Lucht Saothair a dhéanann Cliaint ........ 11
Acmhainn nach bhfuil leas bainte aisti fós: Treoirphlean Comhdheartha i dtaca le Fáilte a chur roimh agus Tacaíocht a thabhairt d'Iarrthóirí faoi Mhíchumas sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí ........ 11
Conairí Fostaíochta Ionchuimsitheacha ........ 12
Athbhreithniú ar na Critéir Cháilitheachta don Státseirbhís ........ 12
Ár nDaoine, ár gCórais agus ár gCultúr a Fhorbairt ........ 13
Tionscadal NOVA ........ 13
Straitéis Dhigiteach ........ 13
Forbairtí Digiteacha ........ 13
Cibearshlándáil ........ 14
Tionscadal Athchóirithe Áras na Caibidle ........ 14
Daoine agus Cultúr ........ 15
Foghlaim agus Forbairt ........ 15
Forbairtí Beartais ........ 15
Obair Hibrideach ........ 16
Rialachas Corparáideach ........ 17
Ról Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Ról an POF ........ 17
Struchtúr na hEagraíochta ........ 20
An Coiste Iniúchta ........ 21
Bainistíocht Riosca ........ 21
Inbhuanaitheacht agus Úsáid Fuinnimh ........ 25
Soláthar Poiblí Glas ........ 25
Achoimre ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2023 ........ 26
Tuairisciú Airgeadais ........ 26

# Comh-Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhfheidhmeannach

Tar éis bliana gnóthaí agus rathúla eile, tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, 2023, a chur i láthair. Mar is léir ón tuarascáil seo, bliain inar dhírigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar a chinntiú gur féidir leis na seirbhísí a chuireann muid ar fáil freastal ar riachtanais na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí amach anseo a bhí sa bhliain 2023. Rinneadh forbairtí suntasacha i dtaca le húsáid agus forbairt teicneolaíochta, foilsíodh ár straitéis 'Nua26', agus, i gcomhar lenár gcomhpháirtí soláthair, chomhdhear muid an Plean i dtaca le Fáilte a Chur Roimh agus Tacaíocht a Thabhairt d'Fhostaithe faoi Mhíchumas sa Státseirbhís agus san Earnáil Phoiblí. Maidir le Tionscadal NOVA, an tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige ardán earcaíochta nua a aithint in ionad STAR, baineadh sprioc thábhachtach amach in 2023 nuair a cuireadh tús le próiseas soláthair i ndiaidh don fhoireann tionscadail obair shuntasach a dhéanamh chun na riachtanais ar chóir don chóras nua freastal orthu a aithint. Agus iarracht á déanamh againn i gcónaí a chinntiú go bhfuil an eagraíocht dírithe ar an todhchaí, lean muid orainn ag dul i ngleic le dúshláin a chuir an tírdhreach fostaíochta reatha romhainn agus ag freastal ar riachtanais ár gcliant; fógraíodh 658 comórtas, rinneadh 18,080 agallamh, agus ceapadh 11,467 duine i róil sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Baineadh na spriocanna sin amach agus baill foirne ag déanamh bainistíocht ar na hathruithe a bhaineann le hobair hibrideach, nuair a athosclaíodh Áras na Caibidle tar éis dúinn an obair thógála mhór a chur i gcrích.

Bíonn muid ag brath ar dhíograis, ar sholúbthacht, agus ar thiomantas bhaill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí chun na spriocanna seo a bhaint amach i gcónaí, le tacaíocht agus treoir ó bhaill den Bhord agus den Choiste Iniúchta. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis na baill de bhoird roghnaithe agus na comhpháirtithe cliaint, a chabhraigh linn próiseas earcaíochta agus roghnaithe ar ardchaighdeán, atá neamhspleách agus bunaithe ar fhiúntas a chur ar fáil in 2023.

Agus aghaidh á tabhairt againn ar dhúshláin na bliana 2024, táim ag súil leis go leanfaidh an eagraíocht seo uirthi ag dul i ngleic le dúshláin amach anseo agus muid ag iarraidh críoch a chur le próiseas soláthair NOVA agus ardán earcaíochta nua a chur i bhfeidhm, mar aon le branda nua a sheoladh don eagraíocht chun a chinntiú go bhfuil sé de chumas againn iarrthóirí a oibreoidh ar son na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí amach anseo a mhealladh.

# Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an soláthraí seirbhíse earcaíochta agus acmhainní d'eagraíochtaí cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá sí freagrach as iarrthóirí den scoth a aimsiú, a mheas agus a chur ar fáil do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Reáchtálann sí réimse leathan de chomórtais earcaíochta 'oscailte' agus de chomórtais ardaithe céime 'idir-rannacha' sa Státseirbhís. Díríonn na gníomhaíochtaí go háirithe ar iarrthóirí a aimsiú do róil sa Státseirbhís; do na róil is sinsearaí in Údaráis Áitiúla; do róil do Ghardaí faoi oiliúint agus do chomórtais ardaithe céime ar leith sa Gharda Síochána; agus do phoist éagsúla bhainistíochta, feidhmiúcháin agus speisialtachta sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chomh maith maidir le daoine oiriúnacha a aithint do Bhoird Stáit.

# Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar

Tá daoine ag croílár ár ngnó agus tá sé mar thosaíocht againn seirbhís éifeachtach, phras den scoth a chur ar fáil dár gcliaint agus iarrthóirí cumasacha a earcú chun tacú le seirbhís phoiblí ina bhfuil éagsúlacht le brath. I dtimpeallacht iomaíoch, d'aithin muid an gá lenár gcóras earcaíochta a neartú agus a fhorbairt chun gur féidir linn freastal ar riachtanais ár gcliant agus ár n-iarrthóirí; riachtanais a bhíonn ag síorathrú. Aithníonn muid go bhfuil ról tábhachtach againn maidir le lucht saothair ardfheidhmiúil atá faoi thionchar luachanna a mhúnlú do mhuintir na hÉireann.


## Soláthar Seirbhíse Earcaíochta 2023

Léirigh an leibhéal maoinithe a tugadh in 2023 tiomantas an Rialtais i dtaca le tacaíocht a thabhairt don eagraíocht leanúint uirthi ag comhlíonadh a mandáide reachtúla baill foirne ar ardchaighdeán a earcú don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí i gcoitinne, agus ag tacú le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte i dtaca le Ceapacháin ar Bhoird Stáit.


Tá sé tábhachtach díriú ar amscálaí soláthair san eagraíocht agus rinneadh iarracht feabhas suntasach a chur ar amscálaí in 2023. Cé gur líonadh 96% d'fholúntais do chliaint, lena n-áirítear poist speisialtachta thábhachtacha, agus cé gur cloíodh le hamscálaí soláthair in 83% d'fheachtais (is é 80% an sprioc), aithnítear gur féidir linn feabhas suntasach a chur ar na hamscálaí ceapacháin do na gráid ghinearálta (tá sprioc 80% i bhfeidhm sa réimse seo chomh maith). Chonacthas feabhas i ngach Príomhtháscaire Feidhmíochta le linn 2023, áfach. Léiríonn na cairteacha thíos baint amach na bpríomhtháscairí feidhmíochta seirbhíse earcaíochta, briste síos bunaithe ar an gcineál earcaíochta agus ar an gcineál gníomhaíochta. Sa chás nár chloígh amscálaí leis an sprioc ar bhonn leanúnach, rinneadh acmhainní a athdháileadh go dtí na réimsí sin agus chonacthas feabhas sna réimsí sin roimh R4.

Ina theannta sin, mhéadaigh muid gníomhaíocht i ngach réimse in 2023 i gcomparáid le 2022, de réir mar a léirítear thíos.


## Príomhtháscairí Feidhmíochta




| | 1. An Coimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil | 2. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 3. Boird Stáit | 4. Comhairligh Ospidéil | 5. Gairmiúil agus Teicniúil | 6. Rialtas Áitiúil |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh den PTF | 13 | 22 | 16 | 1 | 26 | 11 |
| Laistigh den PTF | 35 | 8 | 53 | 180 | 89 | 61 |
| % Laistigh den PTF | 73% | 27% | 77% | 99% | 77% | 85% |





| | Ráithe 1 | Ráithe 2 | Ráithe 3 | Ráithe 4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh den PTF | 39 | 20 | 14 | 16 |
| Laistigh den PTF | 107 | 95 | 113 | 111 |
| % Laistigh den PTF | 73% | 83% | 89% | 87% |





| | Ráithe 1 | Ráithe 2 | Ráithe 3 | Ráithe 4 |
|---|---|---|---|---|
| Lasmuigh den PTF | 1102 | 1421 | 1027 | 630 |
| Laistigh den PTF | 135 | 237 | 271 | 223 |
| % Laistigh den PTF | 11% | 14% | 21% | 26% |


## Fógraí, Agallaimh agus líon Ceapachán 2022 vs 2023




| | 1. Boird Stáit | 2. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 3. An Coimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil | 4. Comhairligh Ospidéil | 5. Rialtas Áitiúil | 6. Gairmiúil agus Teicniúil | 7. Gráid Ghinearálta | 8. Réimse an Dlí agus an Chirt |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | 99 | 28 | 29 | 250 | 51 | 118 | 15 | 2 |
| 2023 | 96 | 33 | 46 | 264 | 91 | 117 | 17 | 4 |




| | 1. Boird Stáit | 2. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 3. An Coimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil | 4. Comhairligh Ospidéil | 5. Rialtas Áitiúil | 6. Gairmiúil agus Teicniúil | 7. Gráid Ghinearálta | 8. Réimse an Dlí agus an Chirt |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | 130 | 153 | 155 | 529 | 456 | 2133 | 8786 | 1706 |
| 2023 | 187 | 239 | 184 | 546 | 845 | 3148 | 9860 | 3427 |




| | 1. Boird Stáit | 2. Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha | 3. An Coimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil | 4. Comhairligh Ospidéil | 5. Rialtas Áitiúil | 6. Gairmiúil agus Teicniúil | 7. Gráid Ghinearálta | 8. Réimse an Dlí agus an Chirt |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | 202 | 17 | 29 | 207 | 278 | 1022 | 6490 | 1360 |
| 2023 | 190 | 36 | 44 | 267 | 235 | 1183 | 7224 | 2702 |

## Taithí an Chliaint agus an Iarrthóra

Tá muid tiomanta do sheirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil trínár gcóras soláthair seirbhíse a fheabhsú agus trí thaithí dhearfach a chinntiú do chustaiméirí. Agus teagmháil á déanamh lenár n-iarrthóirí agus lenár gcliaint, tá sé tábhachtach córas a chur i bhfeidhm chun éisteacht le haiseolas agus freagra a thabhairt ar aiseolas go rialta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn ár seirbhísí, ár bpróisis agus ár réitigh dhigiteacha ar riachtanais na n-úsáideoirí.

In 2023, d'fhorbair muid Plean um Theagmháil le Custaiméirí bunaithe ar cheachtanna a bhí foghlamtha againn agus ar dhea-chleachtas. Tá an Plean um Theagmháil le Custaiméirí mar bhonn taca faoi chur chuige níos leanúnaí agus níos straitéisí i leith teagmhála le custaiméirí agus cuireann sé creat ar fáil a rialaíonn an cur chuige san eagraíocht i gcoitinne i dtaca le haiseolas a bhailiú chun sástacht a mheas agus cur le leasuithe a stiúrann úsáideoirí. Tá an plean á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe le linn 2023 agus 2024. Leagtar leibhéil ghinearálta sástachta amach thíos; bhí na figiúirí dearfach den chuid is mó le linn 2023 agus cuireadh bearta i bhfeidhm nuair a tháinig fadhbanna chun solais.

| **Sástacht na gCliant agus na nIarrthóirí** | **2023** |
|---|---|
| Sástacht na gcliant le caighdeán na n-iontrálaithe nua | 92% |
| Sástacht na gcliant leis an tseirbhís a chuireann an tSCP ar fáil | 85% |
| Sástacht na n-iarrthóirí leis an tseirbhís a chuireann an tSCP ar fáil | 85% |
| Sástacht na gcliant le leibhéal coinneála na n-iontrálaithe nua | 75% |

## Forbairt, Soláthar agus Monatóireacht Straitéise

I ndiaidh chur i bhfeidhm na straitéise NUA23, d'fhorbair muid straitéis chorparáideach nua, NUA26, atá dírithe ar thrí phríomhghné straitéiseacha. Tabharfaidh na príomhghnéithe seo treoir dár dtosaíochtaí sna blianta atá romhainn agus tá creat forfheidhmithe mar bhonn taca fúthu chun a chinntiú go gcuirtear an straitéis i bhfeidhm agus go mbaintear an straitéis amach. Maidir le príomhghné na straitéise nua seo, tá sé mar aidhm againn barr feabhais san earcaíocht a sholáthar, toisc go dtuigeann muid go gcaithfidh muid ár n-amscálaí soláthair seirbhíse a fheabhsú agus oibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun réitigh fhreagrúla agus shaincheaptha earcaíochta a chur ar fáil. Tugann ár bpleananna i dtaca le hobair a dhéanamh le cliaint chun constaicí ar bharr feabhais san earcaíocht a sholáthar a bhaint agus leas a bhaint as ár dtuiscint agus ár dtaithí mar earcaitheoir lárnach do róil sa tseirbhís phoiblí tacaíocht don phríomhghné seo. Tugann ár ngealltanas forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn muid agus féachaint chuige go seasfaidh an chaoi a n-oibríonn muid an aimsir agus a chinntiú go bhfuil an cumas againn atá ag teastáil chun torthaí a bhaint amach tacaíocht don phríomhghné chomh maith.

Tá fís láidir againn agus tá ár misean agus ár gcaighdeáin mar bhonn taca fúithi. Agus NUA26 á chur i bhfeidhm againn, oibreoidh muid go leanúnach chun seirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán agus prasa a chur ar fáil dár gcliaint i gcónaí; cuirfidh muid próisis chothroma thrédhearcacha earcaíochta ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-iarrthóirí; agus cinnteoidh muid go n-oibríonn ár mbaill foirne in eagraíocht earcaíochta atá an-éifeachtach, nuálach agus ionchuimsitheach.




## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Rinne an tSCP athbhreithniú ar cheisteanna i dtaca le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a bhaineann lena ról agus tá sí sásta go bhfuil sí ag cloí lena dualgas seirbhíse poiblí, mar a leagtar amach é i reachtaíocht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Chun prionsabail a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, chuir an eagraíocht bearta éagsúla i bhfeidhm in 2023, lena n-áirítear feidhm Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a chur i bhfeidhm agus soláthar ár gcéad Straitéise Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe.

Tháinig deireadh lenár gcéad straitéis CÉ&I i mí na Nollag 2023. Díreoidh an straitéis CÉ&I athnuaite don tréimhse 2023-2026 ar thrí phríomhghné: sonraí agus tuiscintí níos fearr, próisis níos fearr agus tionchar a imirt agus treoir a thabhairt le dea-shampla dár gcomhpháirtithe agus dár gcliaint i dtaca le hearcaíocht ionchuimsitheach, tríd an rath a bhí againn le trí bliana anuas a fhorbairt.







I mí an Mhárta 2023, chun béim a leagan ar an Athbhreithniú ar Shonraí i dtaca leis an Monatóireacht Chomhionannais, thug muid saineolaithe áitiúla agus idirnáisiúnta éagsúla le chéile i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le sonraí

tacú le héagsúlacht agus ionchuimsiú inár n-ionad oibre, a bhíonn ag síorathrú. Is céim thábhachtach é an t-athbhreithniú seo maidir le bunús láidir i dtaca le sonraí comhionannais, mar aon le taithí ón bhfíorshaol, a fhorbairt chun cur le héagsúlacht agus ionchuimsiú san earnáil phoiblí agus chun éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san earnáil phoiblí. Dá bharr, tá bunlíne againn ar féidir úsáid a bhaint aisti chun dul chun cinn a thomhas agus bhí muid in ann spriocanna a leagan amach in NUA-26 i dtaca le hionadaíocht do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a mhéadú. Cur i bhfeidhm deaise monatóireachta comhionannais a bheidh sa chéad chéim eile den tionscadal.

Rinne muid dul chun cinn suntasach i dtaca le CÉ&I maidir le tacaíocht ón earnáil phoiblí i gcoitinne agus déanfar plé ar an dul chun cinn seo sa chéad rannán eile.

# Barr Feabhais a Chur Chun Cinn

Tá sé mar phríomhghné dár straitéis Nua 26 an tseirbhís phoiblí a ullmhú d'ionad oibre na todhchaí agus, dá bharr seo, chuir an tSCP roinnt tionscadal i bhfeidhm chun gealltanas córasach i dtaca le constaicí a bhaint a chinntiú, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus i dtaca le cur chuige solúbtha i leith iarrthóirí cumasacha agus éagsúla a mhealladh agus a choinneáil i róil seirbhíse poiblí. Aithníonn muid an luach a bhaineann le fadbhreathnaitheacht a fhorbairt agus an chumhacht a bhaineann le leas a bhaint as ár ngréasáin chun tuiscint a fháil ar an margadh fostaíochta, ar threochtaí earcaíochta agus ar na riachtanais scileanna a chinnteoidh go bhfuil ár bpróisis earcaíochta agus mheasúnaithe ionchuimsitheach agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais ionad oibre na todhchaí, agus thug muid faoi roinnt píosaí oibre, faoina bhfuil sonraí thíos, chun an sprioc straitéiseach seo a bhaint amach.

## Athbhreithniú ar an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil

Bunaíodh an t-athbhreithniú ar an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta ó thús deireadh atá i bhfeidhm do phoist Shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí, go háirithe sa Státseirbhís, chun moltaí agus treoir a chur ar fáil i dtaca le bearta agus straitéisí chun feabhas a chur ar phróisis agus ar thorthaí.

Sa chomhthéacs sin, chun scrúdú a dhéanamh ar róil agus ar phróisis an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) agus ar an gcaoi a dtugtar tacaíocht dó, rinneadh na nithe seo a leanas:

- Scrúdú ar ról na bpáirtithe leasmhara cuí sa phróiseas earcaíochta le tagairt do chreataí Rialachais cuí agus don Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.
- Maidir le poist d'Ard-Rúnaithe sa Státseirbhís, athbhreithniú ar an bpróiseas trína ndeimhnítear ceapacháin, lena n-áirítear an gá le Meamram agus cinneadh Rialtais.
- Machnamh ar phróisis analógacha earcaíochta agus roghnaithe ar tugadh fúthu i dtíortha eile.
- Athbhreithniú ar an gcur chuige, ar na critéir agus ar na próisis iomlána reatha do cheapacháin Eatramhacha i bpoist Shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí agus moltaí a dhéanamh.

Foilsíodh an Tuarascáil in 2023 agus oibreoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe le chéile chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm in 2024.

## Creat Inniúlachta

Cuireadh críoch le tionscadal anailíse poist a raibh sé mar aidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí do na gráid Seirbhíse Ginearálta ó ghrád an Oifigigh Chléireachais go dtí grád an Phríomhoifigigh in 2022 agus, de thoradh air seo, cuireadh Creat Inniúlachta le chéile ina bhfuil ceithre Phríomhinniúlacht; Ullmhacht don Todhchaí a Fhorbairt, Soláthar atá Dírithe ar Fhianaise, Treoir agus Cumasú agus Cumarsáid agus Comhoibriú.

Bhí dhá scéim phíolótacha ann inar baineadh úsáid as an gCreat – ceann amháin i gcomórtas Inmheánach d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus an dara ceann i gcomórtas do Phríomhoifigigh Chúnta - speisialtóirí AD. Bailíodh aiseolas cuimsitheach ó iarrthóirí agus ó Bhaill de na Boird Roghnaithe faoin gcreat, ar glacadh leis go dearfach. Cuireadh roinnt leasuithe i bhfeidhm sa chóras agus sna cáipéisí tacaíochta, bunaithe ar an aiseolas.

Bhí ábhar tacaíochta mionsonraithe ag teastáil chun tacú le rolladh amach an Chreata Inniúlachta. Tá muid ag obair chun a chinntiú go bhfuil an Creat Inniúlachta ar fáil i bhfoirm mhealltach agus inrochtana, agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin anois. Chuir muid achoimre ar an gcreat le chéile le treoir d'iarrthóirí, mar aon le Cur i Láthair Eolais réamhthaifeadta atá ar fáil ar Publicjobs.ie chomh maith agus ar fáil d'aon duine a bhfuil tuilleadh eolais uathu. Ina theannta sin, forbraíodh modúl ríomhfhoghlama a bheidh ar fáil do chliaint ar fud na hEarnála Poiblí, ina bhfuil treoracha cuimsitheacha faoin gcaoi ar chóir iarrthóirí a chur faoi agallamh agus a mheas trí úsáid a bhaint as an gcreat nua seo. Ar iarratas ó Ghréasán na mBainisteoirí Foghlama agus Forbartha, chuir muid sleamhnáin le chéile do chur i láthair ar féidir úsáid a bhaint as chun eolas a thabhairt d'iarrthóirí faoin gcóras agus is féidir le rannóga AD é sin a leasú de réir mar is cuí.

Bhí béim mhór ar theagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara faoin gcreat Inniúlachta, lena n-áirítear cur i láthair aghaidh ar aghaidh do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, do Ghréasán na mBainisteoirí Foghlama agus Forbartha, don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, do Ghréasán na mBainisteoirí AD, do Ghrúpa na Rúnaithe Cúnta Corparáideacha agus do Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí.

Tá an córas nua á rolladh amach de réir mar a thagann comórtais do na gráid seirbhíse ginearálta agus do róil Ghairmiúla agus Theicniúla chuí chun cinn ó mhí Feabhra 2024.

## Dea-Chleachtas a Roinnt

Tá sé mar chuid thábhachtach de réimse cúraim na heagraíochta dea-chleachtas sa mheasúnú a roinnt agus leagtar béim air seo inár ngealltanais i dtaca le Barr Feabhais a Sholáthar, de réir mar a leagtar amach sa straitéis Nua 26, agus in 2023, ghlac Foireann na Seirbhísí Measúnaithe páirt i neart imeachtaí, lenar áiríodh comhroinnt eolais le Rialtas na Cipire, Cláir Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) agus rannpháirtíocht i seimineár Ahead a bhí bunaithe ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhostú. Ag oibriú go dlúth le comhghleacaithe ó réimse an Rialachais Chorparáidigh agus na hEarcaíochta, tá Foireann na Seirbhísí Measúnaithe ag obair chomh maith ar cheist an fhiúntais agus ar an gcaoi a sainmhínítear 'fiúntas' agus a gcuirtear i bhfeidhm é sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Thug Foireann na mBord Stáit cur i láthair do Ghréasán Gairmiúil Afracach na hÉireann, d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann, agus do Ghluaiseacht Mhaireachtála Neamhspleáiche na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhreastail an eagraíocht ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun róil seirbhíse poiblí agus róil ar Bhoird Stáit a chur chun cinn.

Chuir Aonad Bhaill na mBord (BMU) 93 ball de bhoird roghnaithe faoi oiliúint in 2023, agus rolladh amach scáthú sa bhreis do na baill nua. Ina theannta sin, rinne muid athbhreithniú ar ár sraith de mhodúil ríomhfhoghlama atá dírithe ar Scileanna Agallaimh, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag baill bhoird orthu agus roinneann muid na modúil seo le heagraíochtaí san earnáil phoiblí.

## Gréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí

In 2023, rinne muid forbairt ar rath Ghréasán Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí, a bunaíodh i mí Aibreáin 2022. Is é cuspóir an Ghréasáin Earcaitheoirí níos mó comhoibrithe a éascú i réimse na hearcaíochta agus na hardchaighdeáin atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí a choinneáil. Tá béim láidir ar dhea-chleachtas a roinnt sa tseirbhís phoiblí, ar dhúshláin/dheiseanna coitianta a aithint agus ar a bheith ag obair le chéile chun na daoine is fearr a mhealladh i dtreo ár n-eagraíochtaí.

Glacadh go dearfach le bunú an ghréasáin, agus tá os cionn 66 eagraíocht cláraithe go dtí seo. Tagann an gréasán le chéile gach ráithe agus óstálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é, agus cuireann an CCSP leis. Cuireann an Gréasán ardán ar fáil trínar féidir saineolas agus dea-chleachtas a roinnt sa tseirbhís phoiblí i dtaca le hearcaíocht agus roghnú agus leagtar béim ar phríomhréimsí téamacha a thagann as an gcreat reachtaíochta agus beartais.

Maidir leis na seisiúin a cuireadh ar siúl in 2023, bhí meascán d'imeachtaí ar líne agus dhá imeacht ar an láthair i gceist, a dhírigh ar na réimsí seo a leanas:

- An chumhacht a bhaineann le sonraí CÉ&I athruithe a chur chun cinn san ionad oibre
- Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021: forálacha tábhachtacha a bhaineann le cúrsaí earcaíochta
- Gearrliostú agus Tástáil Shíciméadrach: Conas dul ó uimhreacha móra go huimhreacha beaga
- Creat Inniúlachta nua na Státseirbhíse
- Mealladh Tallainne don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar gach réimse, cuireann eagraíochtaí agus daoine éagsúla leis na seisiúin (baill foirne ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, baill foirne ó bhaill den ghréasán agus saineolaithe seachtracha), mar aon le samplaí praiticiúla/cás-staidéir agus Ceisteanna agus Freagraí. Bhí deis ann líonrú a dhéanamh, taithí a roinnt agus caidrimh a fhorbairt.

## Pleanáil don Lucht Saothair a dhéanann Cliaint

Aithníonn muid go bhfuil cuid mhaith dár gcliaint ag feidhmiú i dtimpeallachtaí casta agus dúshlánacha ina mbíonn tosaíochtaí ag síorathrú. Bíonn sé an-dúshlánach éileamh ár gcliant a thuar agus bíonn tionchar aige sin ar ár gcumas pleanáil a dhéanamh do agus freagairt a thabhairt ar riachtanais a bhíonn ag síorathrú, go háirithe i gcomhthéacs margaidh fostaíochta atá iomaíoch. Déanann ár bhfoireann CRM (Bainistíocht an Chaidrimh le Cliaint) teagmháil le gach cliant chun meastacháin i dtaca lena riachtanais acmhainní a fháil gach ráithe. Tá sé fíorthábhachtach cur chuige comhoibríoch a ghlacadh maidir le pleanáil don lucht saothair chun cur lenár straitéisí earcaíochta, comórtais nua a sceidealú agus tús áite a thabhairt d'iarrthóirí maidir le measúnuithe ionas go mbeidh siad ar fáil do cheapacháin ar bhealach pras. Le linn 2023, mhéadaigh muid agus choinnigh muid ráta teagmhála na gcliant a ghlacann páirt i bpleanáil don lucht saothair gach ráithe – 80% de chliaint ar an meán. In 2024, cuirfidh muid tionscnaimh eile i bhfeidhm chun oibriú le cliaint aonair chun cruinneas a meastachán a fheabhsú.

## Acmhainn nach bhfuil leas bainte aisti fós: Treoirphlean Comhdheartha i dtaca le Fáilte a chur roimh agus Tacaíocht a thabhairt d'Iarrthóirí faoi Mhíchumas sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Á mhaoiniú ag Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, glacadh cur chuige comhdheartha i dtaca lena chinntiú go bhfuil an próiseas ceapacháin agus ionduchtaithe níos cothroime agus níos inrochtana d'iarrthóirí faoi mhíchumas inár dtionscadal *Cur Chuige i leith Socruithe Réasúnta do Dhaoine Faoi Mhíchumas*.

Mar chuid den tionscadal, tháinig os cionn 100 duine ó 30 eagraíocht sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí, mar aon le páirtithe leasmhara eile, le chéile chun páirt a ghlacadh i modheolaíocht chomhoibríoch – bhí cliaint, iarrthóirí, tacadóirí míchumais, eagraíochtaí tacaíochta agus ceardchumainn san áireamh. Cuireadh dhá chruinniú Halla an Bhaile ar siúl sa státseirbhís mar chuid den tionscadal seo agus d'fhreastail os cionn 700 fostaí orthu.

Chuir ár gcomhpháirtí soláthair, Tilting the Lens, *Treoirphlean i dtaca le Fáilte a chur roimh agus Tacaíocht a thabhairt d'Fhostaithe Faoi Mhíchumas sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* ar fáil, ina bpléitear príomhdhúshláin a aithníodh ag an gcéim cheapacháin agus ionducthaithe. Tá naoi moladh sa treoirphlean seo chun cabhrú le forais phoiblí bearta trédhearcacha a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú chun athruithe dearfacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm i réimse an cheapacháin agus an ionduchtúcháin.

Is moltaí leathana iad agus leagtar amach iad faoi na teidil seo a leanas: Daoine agus Cultúr; Próisis agus Córais; Rialachas agus Beartas. Baineann cuid de na moltaí seo le próisis earcaíochta agus baineann cuid eile acu le hathruithe sa tseirbhís i gcoitinne agus le tacaíocht do chomhghleacaithe ar fud na hearnála poiblí.

## Conairí Fostaíochta Ionchuimsitheacha

### Intéirneachtaí do Bhaill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach

In 2023, thug muid tacaíocht maidir le hintéirneachtaí 12 mhí ar íocaíocht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a chur ar fáil (ag leibhéal an Oifigigh Chléireachais agus an Oifigigh Feidhmiúcháin) d'ochtar ball den Lucht Siúil agus den phobal Romach, agus ghlac an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Bia agus Mara, Tithe an Oireachtais, an Roinn Dlí agus Cirt agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí páirt sa chlár. Bhain na hintéirnigh leas as taithí phraiticiúil ar an láthair, agus fuair siad an deis iad féin a fhorbairt ag leibhéal gairmiúil agus pearsanta trí chúrsaí oiliúna faofa. Tá róil bhuana sheasmhacha ag 60 faoin gcéad de na hintéirnigh sa státseirbhís anois.

### Clár WAM (Willing Able Mentoring)

An dara bliain ina raibh conair i dtreo buaine ag céimithe WAM ar an gclár intéirneachta 10 mí ar íocaíocht, a reáchtáladh i gcomhar le Ahead, ag deireadh a socrúchán a bhí sa bhliain 2023. Faoi láthair, tá fiche céimí WAM 2020 i socrúcháin ar fud na státseirbhíse, ag a mbeidh an deis iarratas a dhéanamh ar chomórtas teoranta d'Oifigigh Feidhmiúcháin in 2024.

### Clár Oibre Foghlama an Oireachtais (OWL)

Tacaíonn Seirbhís Thithe an Oireachtais, i gcomhar le KARE agus WALK, leis an gclár 'OWL', a bhfuil duaiseanna buaite aige. I mí Mheán Fómhair 2023, glacadh ochtar daoine nua faoi oiliúint isteach agus tá siad ag dul tríd an gclár feidhmeach foghlama, forbartha, agus sóisialaithe seo do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas intleachta a mhaireann 11 mhí. Bunaíodh an clár in 2019 agus tá 17 gcéimí OWL i róil bhuana, pháirtaimseartha sa státseirbhís faoi láthair.

## Athbhreithniú ar na Critéir Cháilitheachta don Státseirbhís

Go luath in 2023, aithníodh na critéir cháilitheachta theoranta do dheiseanna státseirbhíse mar chonstaic ar rochtain dóibh siúd ó chúlra imirceach ar mhaith leo gairm a bhaint amach sa státseirbhís.

Trí Open Doors, choimisiúnaigh muid tuairisc ó chomhairleoirí seirbhísí inimirce ceannródaíocha Fragomen chun breathnú ar an gceist seo.

Léiríonn an tuairisc seo an áit ar féidir machnamh a dhéanamh ar leathnú na gcritéar cáilitheachta, lena n-áirítear cead inimirce, chun rochtain a thabhairt do státseirbhís na hÉireann ar ghrúpa mór daoine nach bhfuil rochtain againn orthu faoi láthair agus chun an bac struchtúrtha seo a laghdú agus a bhaint dóibh siúd a bhfuil cúlra acu mar inimircigh.

De bharr an taighde seo, bunaíodh grúpa oibre idir-rannach le hionadaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Rannpháirtíochta agus Óige agus ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a tháinig le chéile le linn 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir reatha agus chun plé a dhéanamh ar roghanna i dtaca le cáilitheacht a leathnú, ar na rioscaí a bhaineann leis an leasú agus ar bhearta laghdaithe a d'fhéadfadh a chur i bhfeidhm. I mí Mheán Fómhair 2023, leathnaíodh na critéir cháilitheachta do róil státseirbhíse chun sealbhóirí víosa Stampa 4 a chur san áireamh. Tá machnamh á dhéanamh ar stampaí sa bhreis.

# Ár nDaoine, ár gCórais agus ár gCultúr a Fhorbairt

Tuigeann an tSCP an luach a bhaineann le cultúr san ionad oibre ina bhfuil barr feabhais, nuálaíocht, iontaoibh agus ionchuimsiú chun tosaigh agus tá sé mar phríomhghné dár straitéis Nua 26 treoir a thabhairt d'eagraíochtaí eile trí dhea-shampla. Tá muid bródúil as an obair a dhéanann muid agus ba mhaith linn dá nglacfadh gach ball foirne linn mar earcaitheoirí gairmiúla do ghairmeacha fiúntacha seirbhíse poiblí. Má dhéanann muid forbairt ar ár gcumas a bheith dírithe ar an gcustaiméir, ar thorthaí agus ar ár gcumas glacadh le hathruithe, beidh muid réidh le dul i ngleic le dúshláin an lae inniu agus le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo, agus cuireadh neart beart i bhfeidhm in 2023 chun an aidhm seo a bhaint amach.

## Tionscadal NOVA

Mar eagraíocht a dhéanann iarracht i gcónaí a bheith dírithe ar an todhchaí, d'aithin muid an gá atá ann réiteach earcaíochta SaaS aibí, seanbhunaithe ar féidir é a chumrú agus atá ar thús cadhnaíochta sa tionscal a fháil chun freastal ar ár n-uaillmhianta agus ár riachtanais i dtaca le soláthar seirbhíse. Dá mbeadh Réiteach Earcaíochta SaaS a sholáthraíonn speisialtóir teicneolaíochta Earcaíochta atá ar thús cadhnaíochta sa tionscal i bhfeidhm, bheadh rochtain ag an eagraíocht ar an bhfeidhmiúlacht is déanaí agus ar fhorbairtí teicneolaíochta amach anseo a thabharfaidh deis dúinn soláthar seirbhíse a fheabhsú agus freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

Cuireadh an tionscadal dar teideal NOVA i bhfeidhm chun córas earcaíochta nua a sholáthar. Tá críoch curtha leis an bpróiseas soláthair do réiteach earcaíochta a bheidh ar thús cadhnaíochta i dtaca le teicneolaíocht earcaíochta, agus tá sé i gceist conarthaí a shíniú in 2024. In 2024, díreofar ar chur i bhfeidhm an chórais nua.

Ba mhaith leis an tSCP buíochas a ghabháil le baill den Choiste Comhairleach Seachtrach a thug tacaíocht agus a chuir saineolas luachmhar ar fáil d'fhoireann NOVA le linn an phróisis soláthair.

## Straitéis Dhigiteach

I mí Feabhra, 2023, d'fhoilsigh muid ár gcéad Straitéis Dhigiteach (2023-2025), ina leagtar amach ár mbearta chun a chinntiú go nglacann muid cur chuige struchtúrtha i dtaca le rialachas agus comhoibriú ar thionscadail agus ar thionscnaimh dhigiteacha chun gur féidir linn ár n-uaillmhianta straitéiseacha a bhaint amach agus réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil chun dul i ngleic le dúshláin ghnó. Dearadh an Straitéis Dhigiteach seo chun an treo agus na tionscnaimh mhóra don TFC san eagraíocht sna trí bliana atá amach romhainn chun a chinntiú go n-éascaíonn an TFC straitéis eagraíochta agus príomhspriocanna straitéiseacha na heagraíochta.

Tháinig forbairt sciobtha ar an IS in 2023, go háirithe i gcórais IS Giniúnaí, cosúil le ChatGPT. Chun dul i ngleic leis seo, bhunaigh muid Grúpa Oibre atá dírithe ar an IS ar a bhfuil ionadaithe ó gach disciplín san eagraíocht, chun tuairimí maidir leis na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann leis an IS a roinnt agus a phlé agus chun ligean don eagraíocht dul i ngleic le forbairtí sa réimse seo ar bhealach éifeachtach.

## Forbairtí Digiteacha

Ceann de na tosaíochtaí a aithnítear sa Straitéis Dhigiteach ná rochtain a thabhairt dár mbaill foirne ar theicneolaíochtaí, ar shonraí agus ar fheidhmchláir atá ag teastáil uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtach. Chun an tosaíocht sin a bhaint amach, caithfidh muid an leas is fearr a bhaint as ár n-infheistíocht in ardán néil Microsoft 365. Tugann Microsoft 365 ardán aontaithe dúinn dár riachtanais chumarsáide agus chomhoibrithe uilig, agus tagann glaonna gutha, físchomhdháil, sceidealú cruinnithe agus teachtaireachtaí meandracha tríd an ardán seo. Le linn 2023, rinne muid nua-aoisiú agus uasghrádú ar ár seomraí boird agus ár seomraí

cruinnithe le teicneolaíocht chlosamhairc den chéad scoth. Is é Microsoft Teams Room an bhunteicneolaíocht bogearraí, toisc go dtagann sé gan stró le héiceachóras Microsoft 365, rud a chinntíonn go bhfuil sé éasca glaonna físe a sceidealú agus a dhéanamh agus go bhfuil an córas seo sothuigthe do bhaill foirne.

Thug muid méadú in úsáid roinnt feidhmchlár bainistíochta tionscadal agus bainistíochta tascanna de chuid Microsoft 365 atá ar fáil dár mbaill foirne faoi deara, rud a chuir feabhas ar tháirgiúlacht agus éifeachtacht.

Ag forbairt ar an dul chun cinn a rinneadh sna blianta roimhe seo, mhéadaigh muid úsáid Microsoft Power Platform agus chruthaigh muid feidhmchláir nua a bhfuil sé mar aidhm acu próisis láimhe a laghdú agus éifeachtacht a mhéadú. Tá sé mar aidhm againn leanúint orainn leis an anailís atá á déanamh againn ar an gcur chuige forbartha ísealchóid agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun glacadh leis amach anseo.

Rinneadh forbairtí bogearraí éagsúla ar na bogearraí atá mar bhonn taca faoi publicjobs.ie in 2023, agus leagadh béim ar an tslándáil, ar an inrochtaineacht, agus ar fheabhsú leanúnach thaithí an iarrthóra. Maidir leis na leasuithe seo, cruthaíodh mol earcaíochta ar leith ar publicjobs.ie do Chomhairligh Leighis agus forbraíodh é seo i gcomhar le FSS. Cuireadh leasuithe breise i bhfeidhm i bhfoirm iarratais an iarrthóra chomh maith chun níos mó solúbthachta agus inúsáideachta a éascú mar aon le leasuithe i dtaca leis an gcaoi a léirítear an Ghaeilge agus leis an gcaoi a gcuirtear an Ghaeilge chun cinn trí chomórtais earcaíochta Ghaeilge.

## Cibearshlándáil

Is réimse casta é réimse na cibearshlándála go fóill agus cuireann sé dúshlán casta a bhíonn ag síorathrú roimh eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon. Tá sé fíorthábhachtach na sonraí atá againn agus infreastruchtúr an ghréasáin ríomhaireachta a chosaint chun soláthar seirbhíse earcaíochta gan bhriseadh a chinntiú. Le linn 2023, dhírigh muid ar thrí phríomhghné: (i) tuiscint na mball foirne ar chúrsaí cibearshlándála, (ii) infheistíocht i dteicneolaíochtaí den chéad scoth agus (iii) cothabháil agus leasú láidir agus gníomhach ar ár n-infreastruchtúr agus ár ngléasanna corparáideacha.

Rolladh amach clár oiliúna i réimse na cibearshlándála do gach ball foirne, agus seoltar ríomhphoist fioscaireachta ionsamhlaithe amach go rialta chun cabhrú linn a fháil amach cé chomh héifeachtach is a bhí an oiliúint i dtaca le dea-chleachtais chibearshlándála a chur i bhfeidhm. Toisc go n-aithnítear go gcuirtear tús le 90% de gach ionsaí cibearshlándála le ríomhphost fioscaireachta, rinne muid infheistíocht in ardán slándála ríomhphoist nua a bhaineann leas as intleacht shaorga chun ríomhphoist amhrasacha a aithint. Tá sé seo tar éis ár gcosaint i gcoinne bagairtí sa réimse seo a neartú ar bhealach suntasach.

Thug muid méadú suntasach i bhfógraí i dtaca le laigí criticiúla agus i dtaca le hionsaithe ar laige inbheirthe faoi deara i dtaca leis na teicneolaíochtaí éagsúla as a mbaineann muid úsáid. Rinne muid iarracht freagairt a thabhairt ar fhógraí den chineál seo láithreach bonn agus an leasú nó an t-uasdátú atá ag teastáil a chur i bhfeidhm gan mhoill. Agus muid ag súil leis an treoir nua ón AE dar teideal NIS 2, a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024, rinne muid measúnú ar ár n-ullmhacht agus d'aithin muid réimsí ar chóir dúinn a neartú le linn 2023 chun a chinntiú go bhfuil muid ag cloí leis an treoir. Níor tharla aon sárú cibearshlándála suntasach san eagraíocht le linn 2023.

## Tionscadal Athchóirithe Áras na Caibidle

Cuireadh deireadh le Tionscadal Athchóirithe Áras na Caibidle in 2023, nuair a cuireadh oibreacha fabhtanna i gcrích agus nuair a suiteáladh agus nuair a cuireadh Teicneolaíochtaí Closamhairc i bhfeidhm chun córais Earcaíochta Chumaisc a éascú. Bhí an chéim tógala dheiridh ar siúl ar an Dara hUrlár in Áras na Caibidle agus athosclaíodh an t-urlár seo i mí Feabhra 2023, rud a lig do bhaill foirne filleadh ar an oifig agus a lig don eagraíocht Polasaí um Obair Chumaisc a sheoladh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

# Daoine agus Cultúr

## Foghlaim agus Forbairt

In 2023, rinne ár gComhpháirtí Foghlama agus Forbartha comhoibriú le roinnt aonad eile san eagraíocht chun oiliúint ar leith a bhaineann le hobair na heagraíochta a rolladh amach. Bhí an fhoireann TF san áireamh, foireann a chuir seisiúin ar siúl chun tacú le baill foirne i réimsí éagsúla, lena n-áirítear réimse na cibearshlándála. Chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint ar fáil do bhaill foirne a bhí dírithe ar ghnéithe éagsúla den chosaint sonraí. Chuir Aonad na Seirbhísí Tionscadal seimineáir ghréasáin ar siúl – Bainistíocht Tionscadal 101 – a leag béim ar na buntáistí a bhaineann le creat bainistíochta tionscadal a chur i bhfeidhm agus a dhírigh aird ar acmhainní inmheánacha atá ar fáil d'fhoirne. Cuireadh cláir Bhainistíochta Tionscadal ar siúl do bhainisteoirí sóisearacha agus do bhainisteoirí meánleibhéil le cláir éagsúla, lenar áiríodh seisiúin chóitseála do rannpháirtithe. Ghlac roinnt bainisteoirí páirt chomh maith sa chlár Common Purpose Emerging Leaders agus sa chlár do Cheannairí Sinsearacha agus chuir siad ceachtanna a d'fhoghlaim siad ó na tionscnaimh seo i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Leagadh béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus do bhaill foirne i dtaca le spriocanna eagraíochta a bhaint amach agus glacadh le hathruithe, le seisiúin a bhí dírithe ar spriocanna a leagan amach, ar cheangail fhiúntacha a dhéanamh i dtimpeallacht hibrideach agus ar an gcumhacht a bhaineann le hathruithe. Ina theannta sin, chuir muid clár cuimsitheach i bhfeidhm a raibh sé mar aidhm acu scileanna éagsúla a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint as lá oibre gach baill foirne sa chlár dar teideal "Better Workday Programme".

Lean muid orainn ag cur an Teastais Ghairmiúil in Acmhainní agus i réimse na hEarcaíochta ar fáil (a d'fhorbair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcomhar leis an IPA) do bhaill foirne; bronntar gradam sainchuspóra ag Leibhéal 8 atá creidiúnaithe ag NUI ar rannpháirtithe (ár mbaill foirne féin agus baill foirne ó fhoirne acmhainní daonna eile sa tseirbhís phoiblí).

In 2023, cuireadh oiliúint sa bhreis ar fáil do roinnt ball foirne chun tacú le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ag teastáil uathu, lena n-áirítear Oiliúint atá dírithe ar Thuiscint ar an Míchumas, Earcaíocht Ionchuimsitheach a Chruthú, Muinín a Chothú i dtaca le Míchumas, Is éard atá i gceist le Cumarsáid Rathúil ná Cumarsáid Inrochtana agus Tacú le Fostaithe Néara-Éagsúla. De bharr gur díríodh ar fhorbairt scileanna, beidh baill foirne in ann tacú le hiarrthóirí go muiníneach le linn an phróisis earcaíochta.

Chuir Transparency International Ireland (Trédhearcacht Idirnáisiúnta Éireann) sainoiliúint ar fáil mar chuid dár rannpháirtíocht ina gclár um Ionracas san Ionad Oibre (Integrity at Work). Chuir 14 bhainisteoir faoi oiliúint i dtaca le hIniúchtaí a Bhainistiú san Ionad Oibre le linn na ceardlainne seo a mhair 2 lá. Ina theannta sin, rinne muid ceiliúradh ar an lá ar a dtugtar Seas an Fód i gcoinne na Bulaíochta trí mhodúl ríomhfhoghlama a sheoladh a bhí dírithe ar bhulaíocht agus ar chiapadh san ionad oibre. Cuireadh sainoiliúint eile ar fáil, a dhírigh ar réimsí éagsúla, m.sh. anailísíocht sonraí, agus bainistíocht tionscadal.

I mí na Samhna, bhí treoir chun gnímh ann nuair a d'iarr ár bPOF ar gach ball foirne freastal ar sheimineár gréasáin faoin nGníomhú ar son na hAeráide a mhair uair an chloig. Ina dhiaidh sin, thug gach ball den Bhord Bainistíochta faoi oiliúint i réimse na Ceannaireachta i dtaca le Gníomhú ar son na hAeráide go luath i mí na Nollag.

## Forbairtí Beartais

I mí na Nollag, foilsíodh Polasaí nua i dtaca le hInscne agus Féiniúlacht chun tacú le baill foirne ar mhaith leo a n-inscne a athrú nó a dheimhniú san ionad oibre. I mí na Nollag, d'fhoilsigh muid ár n-eolas Tuairiscithe i dtaca leis an mBearna Phá idir Fir agus Mná don bhliain 2023 ar publicjobs.ie. Cosúil le 2022, léiríonn an t-eolas tuairiscithe seo bearna phá i bhfabhar na mban. Léiríonn sé seo briseadh síos ár lucht saothair de réir inscne.

## Obair Hibrideach

Seoladh ár gcóras de 'Chomharsanachtaí Oifige' in 2023; is ceantair ar leith san oifig iad seo inar féidir le foirne / aonaid ar leith oibriú le chéile, líonrú a dhéanamh agus comhoibriú le chéile. Déantar láithreacht san oifig agus úsáid na ndeasc a bhainistiú go háitiúil laistigh d'fhoirne agus de Chomharsanachtaí, agus cuireadh roinnt tacaíochtaí i bhfeidhm chun cabhrú leis seo.

I mí Mheán Fómhair, chuir muid roinnt seisiún oiliúna inmheánach ar siúl do bhaill foirne mar chuid den tsraith 'Riachtanais don Obair Chumaisc' chun bearta a phlé bunaithe ar aiseolas ó bhaill foirne chun córas um obair hibrideach a chur i bhfeidhm san eagraíocht. Rinne muid suirbhé a bhí dírithe ar chúrsaí Oibre agus Folláine le baill foirne suas go dtí leibhéal an AOF. Bhí sé mar aidhm ag an suirbhé gan ainm seo tuairimí agus aiseolas a fháil ó bhaill foirne i dtaca lena róil ó lá go lá, i dtaca le huaillmhianta forbartha, agus i dtaca le sláinte agus folláine ghinearálta.

# Rialachas Corparáideach

## Ról Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Ról an POF

Bhunaigh an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá foráil san Acht maidir le Príomhfheidhmeannach agus Bord a cheapadh. Forálann na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm sa reachtaíocht go mbeidh an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta don tSCP agus ina gCeannaire ainmnithe den Oifig Sceidealaithe de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997. Dá bhrí sin, comhlacht den Státseirbhís is ea an tSCP agus tá impleacht aige sin maidir le ról agus cineál Bhord na SCP; ról comhairleach atá i gceist de bharr na bhfreagrachtaí láidre dlí atá ar an bPríomhfheidhmeannach.

### Ról an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar cheann de roinnt bheag Comhlachtaí Stáit a bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta Reachtúil (an Príomhfheidhmeannach) acu de réir mar a thuigtear in Alt 22 d'Acht an Státchiste agus Ranna Iniúchta, 1866, atá freagrach as cistí Vótáilte. Dá bhrí sin, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na Cuntais Leithreasa agus nósanna airgeadais poiblí a bhaineann leo.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta féin freagrach don Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) den reachtas as rialtacht agus ionracas idirbheart sna cuntais a bhfuil siad freagrach astu chomh maith le barainneacht, le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na maoirseachta ar shócmhainní.

### Ról an Phríomhfheidhmeannaigh mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe

Tá an Príomhfheidhmeannach ainmnithe mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí, 1997. Sa mhéid sin, tá na freagrachtaí atá leagtha amach sa reachtaíocht ar an bPríomhfheidhmeannach seachas ar an mBord.

### Feidhmeanna an Bhoird

I gcoitinne, tá feidhm reachtúil ag bord na SCP comhairle a thabhairt seachas na feidhmeanna traidisiúnta a bhíonn ag Boird Stáit agus, tríd is tríd, baineann sé sin le comhairle nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, rud a léiríonn an caidreamh freagrachta atá ag an bPOF leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na feidhmeanna ar leith leagtha amach in alt 36 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapachán), 2004.

| **Bord reatha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí** |
| --- |
| ***Cathaoirleach*** |
| Tom Moran, Uas., Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| ***Baill den Bhord*** |
| Margaret McCabe, Uas., Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| Fiona Quinn, Uas., Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| An Dr Eddie Molloy, Comhairleoir AD (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023) |
| Anne-Marie Taylor, Uas., Comhairleoir Bainistíochta (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023) |
| Mary Connaughton, Uas., Stiúrthóir Feidhmiúcháin, CIPD |

| |
|---|
| Yvonne Cooke, Uas., Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach na nAcmhainní Daonna agus na Forbartha Daoine, An Garda Síochána<br>Colin Menton, Uas., Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<br>Ann Marie Hoey, Uas., Stiúrthóir Náisiúnta na nAD, FSS |

### Cruinnithe Boird

Cuireadh cúig chruinniú boird agus Seisiún Straitéise Boird ar siúl in 2023.

| ***Ball den Bhord*** | ***Líon na gcruinnithe/seisiún straitéise a raibh an Ball den Bhord i dteideal freastal orthu*** | ***% de na gcruinnithe/seisiúin straitéise ar a fhreastail an Ball den Bhord*** |
|---|---|---|
| Tom Moran, Uas. (Cathaoirleach) | 6 | 100% |
| Margaret McCabe, Uas. (POF) | 6 | 100% |
| Anne-Marie Taylor, Uas. | 5 | 100% |
| An Dr Eddie Molloy | 5 | 100% |
| Colin Menton, Uas. | 6 | 50% |
| Mary Connaughton, Uas. | 6 | 33% |
| Yvonne Cooke, Uas. | 6 | 33% |
| Anne Marie Hoey, Uas. | 6 | 100% |
| Fiona Quinn, Uas. | 6 | 100% |

### An Bord Bainistíochta

Tá sé mar aidhm ag an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar straitéis na heagraíochta agus a chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha bhainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh, agus go n-oibríonn siad go héifeachtach. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chur in iúl do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go bhfuil úsáid éifeachtach á baint as na hacmhainní uilig agus, leis na hacmhainní a thugtar, a chinntiú go bhfuil an cumas ag an eagraíocht a dualgais reachtaíochta a chomhlíonadh.

Treoraíonn agus bainistíonn an fhoireann bhainistíochta cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus an iompair atá riachtanach chun dea-rialachas a chur chun cinn san eagraíocht agus a chinntíonn go n-oibríonn na baill foirne ar fad le chéile mar fhoireann den scoth. Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil ar publicjobs.ie. Tá gach ball den fhoireann bhainistíochta freagrach as ceannaireacht a léiriú, as cur le bainistíocht na heagraíochta i gcoitinne, agus as cabhrú lena gcomhghleacaithe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Léiríonn an lucht ceannaireachta agus bainistíochta rialachas éifeachtach ón mbarr, agus léiríonn siad dea-iompar rialachais chomh maith le tiomantas i dtaca le spriocanna a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

| *Baill den Bhord Bainistíochta* | |
|---|---|
| ***Ainm agus Ról*** | ***Freagrachtaí:*** |
| Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Tá an Fheidhmeannacht Chorparáideach freagrach as beartas an Bhoird, straitéis, bainistíocht agus oibriú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm tríd an bPríomhfheidhmeannach. |
| Catherine Dobbins, Ceannasaí Gnóthaí Corporáideacha | Freagrach as seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear AD, Airgeadas, Comhlíonadh agus Dearbhú Cáilíochta (lena n-áirítear Próisis Athbhreithnithe faoi chóid an CCSP agus gach feidhm a bhaineann leis an rialachas corparáideach). |
| Niall Leavy, Ceannasaí na Rannpháirtíochta sa Mhargadh | Freagrach as tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar thionscadail éagsúla straitéiseacha agus forbartha a chabhraíonn leis an eagraíocht modhanna earcaíochta agus measúnaithe ceannródaíocha a aithint agus a ullmhú chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís den scoth do chliaint san earnáil phoiblí ar bhonn leanúnach. |
| Aoife Lyons, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe | Bearta éifeachtacha, éifeachtúla agus dea-chleachtais mheasúnaithe a chur i bhfeidhm chun na hiarrthóirí is fearr is féidir a fháil a roghnú dár gcliaint. |
| Eimear O'Connor, Ceannasaí na Tacaíochta Earcaíochta agus an tSoláthair Seirbhísí | Freagrach as oibríochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí earcaíochta sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a chothabháil agus a bharrfheabhsú. |
| Sinéad Coleman, Ceannasaí Aimsithe Tallainne don tSeirbhís Phoiblí | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun córas freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais atá ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Sandra Cairns, Ceannasaí Aimsithe Tallainne don Státseirbhís | Freagrach as dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a aithint do róil éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí. A chinntiú go mbaintear ardchaighdeáin soláthair seirbhíse amach chun córas freagrúil earcaíochta a chinntiú, ina gcuirtear na riachtanais atá ag cliaint agus ag iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú, san áireamh i réimse iomaíoch. |
| Michelle Noone, Ceannasaí na hEarcaíochta Sinsearaí agus Feidhmeannaí | Modhanna cuardaigh ar leith a úsáid chun iarrthóirí den scoth a aithint do cheapacháin mar Ardfheidhmeannaigh agus ag leibhéal Boird. Freagrach as bealach isteach agus próiseas oscailte, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine den scoth a aithint d'Airí ionas gur féidir iad a mheas agus a cheapadh ar Bhoird Stáit. |
| Rosemarie O'Mahony, Ceannasaí an Athraithe Dhigitigh, na Straitéise agus na Nuálaíochta | Maoirseacht a dhéanamh ar straitéis a bhaint amach chun go mbaineann an tSeirbhís um Cheapacháin a haidhmeanna amach agus chun go bhfuil sí réidh chun dul i ngleic le dúshláin agus chun deiseanna a thapú ar bhealach éifeachtach chun cur lenár seirbhísí. Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar Chlár Athchóirithe Dhigitigh na |


| | |
|---|---|
| | heagraíochta chun féachaint chuige go seasfaidh ár réitigh agus ár seirbhísí TF an aimsir, chun feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú, agus chun stádas a bhaint amach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar cheannaire san earcaíocht dhigiteach. |
| Fiona Morgan, Ceannasaí Aonad na nDaoine agus an Chultúir | Treoir a thabhairt maidir le straitéisí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas a bhaineann le daoine, a thacaíonn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, i dtaca lenár bhfís, ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. |
| Aileen Tuliani, Ceannasaí Airgeadais | Freagrach as bainistíocht agus tuairisciú airgeadais, as an gCuntas Leithreasa a chur le chéile, as bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann airgeadais agus as comhairle agus tacaíocht a thabhairt i dtaca le ceisteanna airgeadais agus soláthair. |

## Struchtúr na hEagraíochta

Comhlíonann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (ASER) na príomhfheidhmeanna gnó. Tá foirne earcaíochta agus foirne imréitigh agus ceapacháin i gceist in ASER agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá príomhfhreagracht ar leith ar gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun acmhainní a úsáid ar bhealach dírithe nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Tá foireann speisialtachta freagrach as próiseas na mBord Stáit.

Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair d'ASER: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach d'Fheidhmeannaigh, Margaíocht agus Cumarsáid, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Caidreamh le Cliaint agus le hIarrthóirí, Tacaíocht Ghnó agus Bainistíocht Saoráidí, Aonad Dlí agus Aonad Bhaill na mBord Roghnaithe, Daoine agus Cultúr, Comhlíonadh agus Dearbhú Cáilíochta, Anailísíocht Sonraí, agus Seirbhísí Tionscadail.

Léirítear struchtúr na heagraíochta thíos:



## An Coiste Iniúchta

Bhí na baill seo a leanas ar an gCoiste Iniúchta le linn 2023:

*Kevin Smyth, Uas., (Cathaoirleach) (Cuireadh tús lena chéad Téarma ar an 15 Meán Fómhair 2022)*

*Anne Marie Taylor, Uas., Ball de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (cuireadh tús lena dara Téarma ar an 29 Bealtaine 2022)*

*Noel O'Connell, Uas., (Cuireadh tús lena chéad Téarma ar an 15 Meán Fómhair 2022)*

*Louise Jevens, Uas. (cuireadh tús lena céad Téarma ar an 1 Deireadh Fómhair 2022)*

*Valerie Bowens, Uas. (cuireadh tús lena céad Téarma ar an 1 Deireadh Fómhair 2022)*

Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2023.

Dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Rinneadh ceithre Iniúchadh, ón bPlean Straitéiseach um Iniúchtaí don bhliain 2023.

Rinne na comhpháirtithe iniúchta inmheánaigh na ceithre thuarascáil iniúchta seo a leanas le linn 2023 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta iad:

- Bainistíocht Acmhainní
- Cuntasaíocht agus Tuairisciú
- Próisis agus Amscálaí Imréitigh agus Ceapachán
- Soláthar

Fuair an Coiste tuairisc faoin Rialú Inmheánach ag an gcruinniú i mí an Mhárta. Sa tuairisc, rinneadh achoimre ar na próisis rialaithe atá i bhfeidhm agus bhí rannán ann a bhí dírithe ar na treoracha i dtuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dtaca leis an tionchar a bhí ag an obair hibrideach ar an timpeallacht rialaithe. Ullmhaíodh an tuairisc don Bhord Bainistíochta agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí í chun a chur in iúl dóibh go bhfuil rialú inmheánach i bhfeidhm. Bhí ar gach Príomhoifigeach próisis rialaithe inmheánaigh a cheadú ina réimse agus réimsí ar ar féidir feabhas a chur a aithint. Cuireadh torthaí na gceistneoirí seo agus gach gné eile de na próisis rialaithe inmheánaigh san áireamh sa tuairisc. Cuireadh an tuairisc ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith agus bhain an tOifigeach Cuntasaíochta úsáid aisti chun an Ráiteas um Rialú Inmheánach a cheadú.

## Bainistíocht Riosca

Forbraíodh Creat Bainistíochta Riosca agus Polasaí Bainistíochta Riosca atá oiriúnach don oifig. Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca inmheánach maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú agus tugtar eolas faoi rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Choiste Iniúchta agus don Bhord ag gach cruinniú. Déantar mionphlé ar riosca tábhachtach amháin ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus den Bhord. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach le linn 2023. Pléann an Bord Bainistíochta é go rialta. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí atá ann don eagraíocht faoi láthair: spriocanna eagraíochta/éilimh na gcliant a bhaint amach/a chomhlíonadh; na hacmhainní atá ag teastáil a fháil chun na seirbhísí uilig a chur ar fáil agus an drochthionchar a bheidh ag Breithiúnas Schrems II ar réimse de ghníomhaíochtaí gnó. Tá roinnt mhaith ama caite agus roinnt mhaith acmhainní úsáidte chun na príomhrioscaí seo a laghdú.

## Spriocanna eagraíochta agus na nithe a bhfuil cliaint ag súil leo a bhaint amach/a chomhlíonadh

Tá roinnt laghduithe i bhfeidhm againn chun dul i ngleic leis na rioscaí a thagann chun solais sa réimse seo, lena n-áirítear na hacmhainní atá ar fáil a thabhairt amach ar bhealach struchtúrtha tríd an bhFo-Ghrúpa um Acmhainní a Fháil de chuid an Bhoird Bhainistíochta, agus tugtar acmhainní sa bhreis d'earcaíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha, d'earcaíocht ghairmiúil agus theicniúil, agus d'earcaíocht seirbhíse ginearálta chun na hamscálaí soláthair sna réimsí seo a fheabhsú. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le pleanáil éifeachtach a dhéanamh don lucht saothair in iúl do chliaint, agus déantar cumarsáid agus teagmháil leanúnach le cliaint trí na struchtúir CRM agus trí shuirbhéanna do chliaint. Tá níos mó feiceálachta i bhfeidhm anseo anois maidir le soláthar (tríd an Super 8) agus baineann muid úsáid as an gcreat tuairiscithe agus as sonraí chun acmhainní a dháileadh agus chun tacú le soláthar. Tá próisis á n-athdhearadh ar bhonn leanúnach chun torthaí a bhaint amach in ainneoin athruithe san éileamh agus sa soláthar, agus leagtar béim leanúnach ar phróisis ghnó a fheabhsú, ar an uathoibriú agus ar an gcaighdeánú. Déantar plé suntasach ar an soláthar seirbhíse ag leibhéal an Bhoird agus an Bhoird Bhainistíochta.

## Acmhainní a fháil

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 236 ball foirne sa tSCP.

Dáiltear na hacmhainní uilig ar bhealach struchtúrtha de réir spriocanna straitéiseacha agus próiseas cuimsitheach pleanála gnó agus cásanna gnó d'acmhainní. Bunaíodh Fo-Ghrúpaí Bainistíochta Airgeadais agus Acmhainní chun tús áite a thabhairt do dháileadh airgeadais agus acmhainní daonna. Bhain muid úsáid as córais éagsúla, lena n-áirítear seachfhoinsiú, foinsiú inmheánach, úsáid as iasachtaí sealadacha srl. chun seirbhísí a chur ar fáil agus tugtar tús áite d'acmhainní ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta. Tá Athbhreithniú ar Chumas ar siúl chomh maith.

## Schrems II

Rinneadh monatóireacht ar an riosca a bhaineann le sonraí a aistriú chuig an RA de réir forbairtí polaitiúla sa RA, agus níor tháinig méadú ar an riosca seo le linn 2023. Chuir muid fáilte roimh chur i bhfeidhm Chreat an AE-na SA um Phríobháideachas Sonraí, cé go n-aithníonn muid gur cáineadh an Creat agus cur i bhfeidhm an Chreata araon go géar in 2023. Chun tacú linn na rioscaí a bhaineann le húsáid Microsoft 365 a aithint agus a laghdú, rinneadh Measúnacht Tionchair i dtaca le Cosaint Sonraí in 2023, agus de thoradh air sin, moladh gur chóir dúinn a bheith an-chúramach agus na socruithe slándála agus príobháideachais cuí ar chóir a chur i bhfeidhm á socrú agus muid ag aistriú chuig an gcóras nua seo. Leanann muid orainn ag déanamh monatóireacht ar an scéal maidir le hAistriú Sonraí Idirnáisiúnta, a bhíonn ag athrú.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 - 2022

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, caithfear tuarascáil a fhoilsiú gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus, ina theannta sin, caithfear eolas a fhoilsiú a bhaineann le bearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar nochtaí cosanta a rinneadh.

Chláraigh muid don Chlár a reáchtálann Trédhearacht Idirnáisiúnta na hÉireann (TIÉ) um Ionracas agus Obair agus rolladh an clár seo amach do bhaill foirne. Mar chuid den chlár seo, tá rochtain ag baill foirne ar líne chabhrach agus ar ionad comhairle. Ina theannta sin, oibríonn TIÉ linn chun plean gnímh a chur i bhfeidhm chun trédhearcacht a chur chun cinn san ionad oibre agus chun tacaíocht a

thabhairt d'athbhreithniú ar ár bPolasaí um Nochtaí Cosanta agus ar ár bpróisis. Tá ár bPolasaí ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá oiliúint agus eolas á chur ar fáil mar chuid dár mballraíocht sa chlár.

### Achoimre ar Nochtaí

Fuair an eagraíocht cúig Nochtadh Cosanta in 2023 (gach ceann acu ó iarrthóirí), agus cuireadh trí iniúchadh ar siúl dá bharr. Níor léirigh aon iniúchadh a rinneadh in 2023 aon mhí-ionracas ó thaobh na heagraíochta de. I gcás amháin, chuir an Duine a rinne an Nochtadh a dtuairisc ar aghaidh chuig an gCCSP, agus tá muid ag fanacht le toradh an iniúchta sin.

### Comhlíonadh le hAchtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 - 2021

Clúdaíonn an Scéim Teanga reatha an tréimhse 2017 go dtí 2020 agus beidh an scéim seo i bhfeidhm go dtí go gcuirfear Caighdeán Teanga i bhfeidhm faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Bhí ábhar na Scéime reatha bunaithe ar threoirlínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus bunaíodh an t-ábhar ar ár dtaithí maidir le geallúintí sa Scéim a bhí i bhfeidhm go dtí 2017 a sholáthar; ar na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal; ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí; ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne. Comhlíonann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na dualgais seo ar bhonn leanúnach agus cuirtear leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na scéime deiridh. Coinníonn an Bord Bainistíochta súil ar oibriú éifeachtach na Scéime. Tá lucht ardbhainistíochta na heagraíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Scéim ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a fheabhsú.

Chun a chinntiú go gcloíonn an tSCP le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, agus chun an eagraíocht a ullmhú do chur i bhfeidhm forálacha sa bhreis faoin Acht seo, ghlac muid na céimeanna seo a leanas in 2023:

- Tá ár n-ionadaí páirteach sa Choiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge (Sinéad Coleman) chun tacú le foilsiú an Phlean Náisiúnta maidir le Seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí roimh 2024;
- Bíonn cruinnithe ag ár nGrúpa Gaeilge inmheánach tras-eagraíochta, chun a chinntiú go gcloíonn muid leis an Acht agus chun pleanáil a dhéanamh i dtaca le forálacha agus bearta sa bhreis a chur i bhfeidhm amach anseo;
- Rinneadh forbairt ar an gcaidreamh oibre atá againn le hOifig an Choimisinéara Teanga agus le Roinn na Gaeltachta;
- Cuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne chun tacú le cumas sa Ghaeilge;
- Rinne muid Foireann na Gaeilge a fhorbairt.

Leanann muid orainn ag obair chun na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le reachtaíocht, beartas agus dea-chleachtas teanga.

### Cloí le Ciorclán 25/2016:

Sa Chiorclán seo, leagtar amach an Prótacal maidir le hEolas a Chur ar Fáil do Bhaill den Oireachtas ó Fhorais Stáit atá faoi chúram an Rialtais.

Ní mór don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seoladh ríomhphoist ar leith a chur ar fáil agus a choinneáil do bhaill den Oireachtas, agus an seoladh seo a chur chun cinn le agus a chur in iúl do bhaill an Oireachtais. Is é oireachtasqueries@publicjobs.ie an seoladh seo.

Tá sé i gceist againn próisis fhoirmiúla aiseolais a chur i bhfeidhm chun aiseolas a fháil ó bhaill den Oireachtas trí shuirbhé in 2024.

Tá sé mar aidhm againn admháil a thabhairt maidir le ceisteanna ar an lá a dtagann siad isteach, ach laistigh de thrí lá oibre i gcónaí. San admháil, cuirtear na sonraí teagmhála don bhall foirne atá ag fiosrú na ceiste san áireamh. Cé gurb é 15 lá oibre an tréimhse ama do fhreagra substainteach, bíonn sé mar aidhm againn freagra a thabhairt laistigh de 10 lá oibre.

Ainmníodh duine ag leibhéal ardbhainistíochta mar dhuine atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear eolas ar fáil do bhaill an Oireachtais ar bhealach pras.

Ag cloí le meon na Comhpháirtíochta Oscailte Rialtais, foilseoidh muid freagraí ar cheisteanna ó bhaill den Oireachtas ar ár suíomh gréasáin nuair is cuí.

## Inbhuanaitheacht agus Úsáid Fuinnimh

Cuireadh seisiún eolais bunaithe ar an inbhuanaitheacht ar siúl do gach ball foirne in 2023; an chéad cheann i sraith bhliantúil a bhí ann agus, gach bliain, díreoidh muid ar ghnéithe éagsúla den inbhuanaitheacht agus ar na nithe ar féidir le baill foirne a dhéanamh san obair agus sa bhaile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Rinneadh uasghrádú ar chórais bhainistíochta foirgneamh, a ligfidh dúinn monatóireacht níos géire a dhéanamh ar theas/ar fhuarú in Áras na Caibidle san oifig agus ó chian. Suiteáladh uasghráduithe sna córais bhainistíochta foirgnimh chun tacú linn monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras teasa agus fuaraithe in Áras na Caibidle, agus déanfar leasuithe eile a fhiosrú in 2024. Maidir leis na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2023, bhí na leasuithe seo a leanas san áireamh:

- Cuireadh críoch le huasghrádú an Chórais Aerchóirithe agus tá gach aonad i bhfeidhm anois.
- Cuireadh feistiú solais LED i bhfeidhm, le braiteoirí láithreachta
- Cuireadh críoch le Plean i dtaca le Gníomhú ar son na hAeráide agus cuireadh faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é i mí Mheán Fómhair 2023.
- D’oibrigh muid go dlúth le comhairleoir i réimse an Fhuinnimh san Ionad Oibre chun an leas is fearr a bhaint as bearta sábháilte fuinnimh in Áras na Caibidle. Leanfaidh muid leis an obair seo in 2024.
- Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar shoilsiú seachtrach agus ar theochtaí laistigh d’Áras na Caibidle de réir Bheartas an Rialtais i dtaca le Foirgnimh Phoiblí. Lean sé seo ar aghaidh i ndiaidh spriocdháta an gheimhridh agus múchtar gach soilsiú taobh amuigh ag a 5i.n. Níor tugadh údarás don teocht i bhFoirgnimh Phoiblí (19 gcéim) i nGeimhreadh na bliana 2023, ach déanann muid monatóireacht ghníomhach ar theochtaí agus athraíonn muid iad de réir mar is cuí.
- Bunaíodh foireann Chomhshaoil agus Rialála Sóisialta (ESG), a chabhróidh linn Polasaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí i dtaca le hInbhuanaitheacht Seirbhíse.
- Cuireadh Conradh nua Priontála Bainistithe i bhfeidhm, chun cabhrú linn úsáid pháipéir a laghdú san Oifig.

### Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é an Soláthar Poiblí Glas a úsáideann údaráis phoiblí chun iarracht a dhéanamh earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar ar bhealach a laghdaíonn an tionchar a bheadh acu ar an timpeallacht. Cuirtear béim i gCiorclán 20/10 - Cúinsí Timpeallachta agus Sóisialta i dtaca leis an Soláthar Poiblí a chur Chun Cinn, ar thosaíocht an Rialtais i dtaca leis an Soláthar Poiblí Glas a chur chun cinn. Cuireann an Ciorclán iallach ar eagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar chritéir ghlasa a chur san áireamh ina bpróisis soláthair.

Baineann muid úsáid as Creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) nuair is féidir. Maidir le samplaí de chreataí atá i bhfeidhm a chloíonn le critéir ghlasa tá na creataí seo a leanas i gceist: fuinneamh a chur ar fáil, ríomhairí glúine, seirbhísí priontála, seirbhísí cúiréara, seirbhísí glanta agus athchúrsála. Tugann uirlis chuardaigh na hOSR i dtaca le critéir ghlasa treoir maidir le soláthar nach mbaineann le creat ar leith.

Bhunaigh muid Coiste Comhshaoil, Sóisialta agus Rialála, a bhreathnóidh ar aon bhearta sa bhreis ar féidir linn a chur i bhfeidhm sa réimse seo in 2024.

### Achoimre ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2023

Baineann úsáid fuinnimh den chuid is mó le teas/soilsiú agus le huisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle. Ba chóir a thabhairt faoi deara go léiríonn an úsáid fuinnimh seo filleadh ár mball foirne ar Áras na Caibidle in 2023, i ndiaidh dúinn críoch a chur leis an tionscadal athchóirithe. Bhí muid ag súil le méadú san úsáid fuinnimh in 2023 de bharr gur athraíodh ár gcleachtais oibre. Is é seo a leanas briseadh síos ar úsáid an fhuinnimh in Áras na Caibidle in 2023:

Úsaid Leictreachais: 376 MWh

Úsáid Breoslaí Iontaise 136 MWh

Úsáid Iomlán 512 MWh

## Tuairisciú Airgeadais

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh neamhspleách ar ár ráitis airgeadais bhliantúla. Tá na cuntais a bhfuil iniúchadh déanta orthu ar fáil ar: **Cuntais Leithreasa - Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**. Leagtar amach na príomhcheisteanna rialaithe don eagraíocht go beacht sa Ráiteas i dtaca le Rialú Inmheánach.